

# COISTE FOSTAÍOCHTA IORRAS AITHNEACH.

## CEANTAR - CARNA AGUS CILL CHIARÁIN I GCONAMARA.

F/C Teach Údarás na Gaeltachta,  
Carna,  
Conamara.

7-2-2017.

-----  
Deirdre Morgan,  
Secretary to the Independent Review Group,  
Department of Agriculture, Food and the Marine,  
National Seafood Centre,  
Clonakilty,  
Co Cork.

**TAGAIRT – AIGHNEACTH DON GHRÚPA SCRÚDAITHE AR CHÓRAS  
NA GCEADÚNAS FEILMÉIREACHTA MARA AGUS ÉISC.**

Dia dhibh,

Tá iarrtha orm ag Coiste Fostaíochta Iorras Aithneach an aighneacht seo a chur ar aghaidh chugaibh.

Tá an t-aighneacht istigh leis an teachtaireacht seo.

Mise le meas,

-----  
Nóirín Nic an Iomaire (Rúnaí)

Baill an Choiste: Risteárd Mac Donnchadha, Seosamh Ó Cuaig, Máire Uí Thuathail, Máirtín Ó Gríofa, Nóirín Nic an Iomaire, Caitlín Uí Chonaire, Seosamh Ó Cuirrín, Roibeárd Ó hÉalái, Susan Uí Chatháin, Seán Ó Cualáin, Ciarán Mac Donnchadha, Micheál Ó Cualáin, Pádraig Standún.

**Sna 1970oidí a cuireadh tús le tionscail na feilméireachta bradán in Éirinn. Anseo i gceantar Charna i nGaeltachta Chonamara a rinneadh é sin. Bhí Údarás na Gaeltachta ag tacú leis an tionscail agus chuaigh comhlachtaí príobháideacha isteach sa ngnó, de réir a chéile.**

**Cuireadh go leor fostaíochta ar fáil de bharr na feilméireachta bradán anseo sna 1980oidí agus sna 1990aidí. Chuaigh an tionscail chun deiridh ina dhiaidh sin agus bhí a lorg sin go feiceálach agus go dona ar an gceantar seo.**

**1800 duine atá ina gcónaí sa bpobal seo – sin é ceantar Charna agus Chill Chiaráin in iarthar Chonamara. Iorras Aithneach a thugtar ar an leithinis. Tá sé suite tuairim's 80 cilomeadar siar ó chathair na Gaillimhe. Fíorchéantar tuaithe agus Gaeltachta é seo a choinníonn traidisiúin, oidhreacht agus cultúr na tíre seo beo agus bríomhar, fós.**

**Ach, ar an drochuair tá claonadh ann a fhágfaidh an ceantar seo gan croí agus gan téagar sna blianta romhain.**

- **Ráta dí-fhostaíochta thart ar 30%;**
- **Laghdú 52% ar an líon daltaí bunscoile sa bpobal o 1990 i leith;**
- **Claonadh láidir i dtreo na n-aois ghrúpaí is sine sa daonra;**
- **Tuar nach mbeidh an cumann áitiúil peil Ghaeleach inann foireann a chur chun páirce faoi cheann trí bliana eile (bhíodar i gcluiche ceannais sinsir Chontae na Gaillimhe 12 bliain ó shin).**

**Tá an coiste seo ag iarraidh an fhostaíocht a mhéadú agus go síorraí ag plé na ceiste le hÚdarás na Gaeltachta.**

**Sé dearca Údarás na Gaeltachta ná gur fearr díriú ar na hachmhainní nádúrtha sa gceantar; tá an Ghaeilge agus an fharraige ar an bpéire is láidre acu sin. Tá Údarás na Gaeltachta ag iarraidh bun láidir a chur in athuair faoi thionscail na mbradán sa gceantar seo.**

**Roghnaigh Údarás na Gaeltachta an tionscnaimh ar a dtugtar “Páirc na Mara” i gCill Chiaráin sa bpobal seo le gairid mar cheann de na priorachtaí atá acu leis an bhfostaíocht a mhéadú. Bheadh ionad phróiseála agus ionaid eile a bheadh múnlaíthe in aonturas ar mhaithe leis an bhfeilméireacht bradán agus mara i bPáirc na Mara. Tá bainisteoir forbartha curtha ag obair acu ar an tionscnaimh seo anois. Is léir go bhfuil na hachmhainní nádúrtha anseo leis an tionscnaimh seo a chur chun cinn ach leas a bhaint astú.**

**Tá sé tuigte againne ón dteagbháil leanúnach atá againn le comhlachtaí feilméireachta bradán go bhfuil an éiginteacht agus an mhoill atá ag baint leis**

an bpróiseis ceadúnais ar an bhfadhb is mo atá ag cur drogail agus lagmhisneach orthu. Is léir go bhfuil tranglam uafásach éigin sa gcóras iarratais agus ceadúnais feilméireachta mara. Is cosúil go bhfuil idir 500 agus 600 iarratas i gcineál “limbo” anois; seo rud dochreidthe.

Ní féidir a bheith ag súil go mbeidh lucht gnó ag fanacht ar feadh na mblianta ar chinneadh ar cheadúnais. Ní féidir leo, ach an oiread, a bheith ag pleanáil do thionscnaimh nua muna bhfuil cinnteacht ann faoin tréimhse ama a bheidh i gceist leis an bpróiseis ceadúnais. Tá an córas seo mí-réadúil agus is deacair meabhair ar bith a fháil ar an gcúis go bhfuil na céadta iarratas dá bhfágáil ina gcnap ar feadh na mblianta.

Molann muid mar seo leanas:

- Theastódh córas faoin bhféadfadh an t’é a bheadh ag déanamh iarratas ar cheadúnas an t-ábhar a phlé le feidhmeannaigh na Roinne roimhré sul a gcuirfí iarratas isteach - mórán mar a tharlaíonn le iarratais ar cheadúnais pleanála sna Comhairlí Contae (Pre Planning meeting).
- Ba cheart go mbeadh riachtanais fostaíochta sa gceantar atá i gceist san iarratas go han-mhór san áirimh nuair a bhéifí ag tógáil cinneadh faoin iarratas.
- Ba cheart go mbeadh aird an-mhór ar pholasaí an Stáit i leith forbairt na fostaíochta cois cósta sa réimse feilméireachta mara i gceist ach a mbeadh an t-iarratas dá mheas.
  
- Go mbeadh téarma ama réadúil leagtha síos ón lá a dtéann an t-iarratas isteach sa gcóras go dtí go dtugtar cinneadh – ceapann muid go mbeadh 3 mhí sách fada.
- Má tá eolas breise ag teastáil théis 3 mhí, molann muid nach mbeadh tada le cois 2 mhí i gceist ón lá a dtiocfadh eolas breise isteach go dtí go mbeadh cinneadh tógtha.
- Ba cheart go mbeadh cinneadh tógtha chomh sciobtha agus a bhféidir ach, ar chúis ar bith, nach mbeadh moill níos mo ná 5 mhí i gceist. Tá sé as bealach ar fad go mbeadh an córas fadálach agus gan teora – is cosúil. Tá an cineál córas atá ann faoi láthair ina mhasla do lucht forbartha, do lucht gnó agus do phobail cois cósta.

Ar ndóigh, glacann muid leis nach féidir réamh mheastachán a dhéanamh ar an toradh a bheadh ar iarratas ar leith. Glactar leis freisin go gcaithfear na ceisteanna uilig a bhaineann leis an iarratas a mheas. Ach maoinn muid

**freisin gur cheart go mbeadh teorainn ama ann – agus tá an moladh sin déanta againn.**

**Mar adeir an dlí – “Justice delayed is justice denied”.**

**Agus tá cothrom na féinne ag dul do dhreamanna atá ag plé leis an bhfeilméireacht éisc AGUS DO NA POBAIL A BHAINFEADH BUNTÁISTE AS AN TIONSCAIL.**

**Anseo go háitiúil tá:**

- **Cuanta foscula;**
- **Uisce glan;**
- **Pobal atá cleachtaithe le obair mhara agus le láimhsiú éisc;**
- **Toil na ndaoine le tionscail na feilméireachta mara – shínigh ós cionn 1000 daoine sa bpobal seo achmhainní i bhfábhar cead a thabhairt do chomhlacht Marine Harvest fíoruisce a thabhairt chuig na cliabháin éisc (ní raibh ceadúnas dá thabhairt ag an gComhairle Contae san am).**

**Is ceart a chur san áirimh go mbeadh polasaí agus córas ceadúnais dearfach ag tacú leis an bpolasaí náisiúnta i leith:**

- **Aidhmeanna na stráitéise muirshaothrú.....  
....AGUS FREISIN ....I GCEANTAR MAR SEO ...**
- **Leis an bpolasaí náisiúnta 20 Bliain don Ghaeilge;**
- **Polasaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe d’fhorbairt na Gaeltachta;**
- **An polasaí Stáit go gcaomhnófaí agus go neartófaí na pobail Ghaeltachta;**
- **An Straitéis Forbartha Ealaíona agus Cultúir Náisiúnta.**

**Tá an plean a bhí ann le haghaidh feilm mhór gar do Inis Oirr i gCuan na Gaillimhe caite amach anois. Tá an spás agus na hachmhainní anseo. Ceaptar gur féidir 10,000 tonna a thabhairt as Cuan Chill Chiaráin agus lear mór eile as Cuan na Beirtrí Buí; níl ach céadatán beag dó sin dá shaothrú faoi láthair.**

**Ar ndóigh, glacann muid leis go gcaithfear caomhnú ciallmhar agus réasúnach a dhéanamh ar an timpeallacht agus ní bheadh muide anseo corraithe dá mbeadh comhlacht ar bith ag sárú na gcoinníollacha a bheadh leagtha síos. Caithfidh an chothromaíocht sin a bheith ann.**

Fágann muid an t-aighneacht seo ós bhur gcomhair agus tá súil againn go dtabharfaidh sibh aird ar a bhfuil lé rá againn. Socraíodh ar an aighneacht seo ag cruinniú a bhí ag an gCoiste seo i gCarna ar an 7-2-2017.

[I copied and pasted later submissions in to one document.] DM

## COISTE FOSTAÍOCHTA IORRAS AITHNEACH.

### CEANTAR - CARNA AGUS CILL CHIARÁIN I GCONAMARA.

F/C Teach Údarás na Gaeltachta,  
Carna,  
Conamara.

8-2-2017.

Deirdre Morgan, Uasal,  
Secretary to Independent Review Group,  
Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara,  
Ionad Náisiúnta Bia Mara,  
Cloich na Coillte,  
Co Chorcaigh.

-----

### AIGHNEAHT DON CHOIMISIÚN SCRÚDAITHE AR CHÓRAS NA GCEADÚNAS FEILMÉIREACHTA MARA AGUS ÉISC.

-----

Sna 1970óidí a cuireadh tús le tionscail na feilméireachta bradán in Éirinn. Anseo i gceantar Charna i nGaeltachta Chonamara a rinneadh é sin. Bhí Údarás na Gaeltachta ag tacú leis an tionscail agus chuaigh comhlachtaí príobháideacha isteach sa ngnó, de réir a chéile. Cuireadh go leor fostaíochta ar fáil de bharr na feilméireachta bradán anseo sna 1980óidí agus sna 1990aidí. Chuaigh an tionscail chun deiridh ina dhiaidh sin agus bhí a lorg sin go feiceálach agus go dona ar an gceantar seo.

1800 duine atá ina gcónaí sa bpobal seo – sin é ceantar Charna agus Chill Chiaráin in iarthar Chonamara. Iorras Aithneach a thugtar ar an leithinis. Tá sé suite tuairim's 80 cilomeadar siar ó chathair na Gaillimhe. Fíorchéantar tuaithe agus Gaeltachta é seo a choinníonn traidisiúin, oidhreacht agus cultúr na tíre seo beo agus bríomhar, fós.

Ach, ar an drochuair tá claonadh ann a fhágfaidh an ceantar seo gan croí agus gan téagar sna blianta romhain.

- Ráta dí-fhostaíochta thart ar 30%;
- Laghdú 52% ar an líon daltaí bunscoile sa bpobal o 1990 i leith;
- Claonadh láidir i dtreo na n-aois ghrúpaí is sine sa daonra;
- Tuar nach mbeidh an cumann áitiúil peil Ghaeleach inann foireann a chur chun páirce faoi cheann trí bliana eile (bhíodar i gcluiche ceannais sinsir Chontae na Gaillimhe 12 bliain ó shin).

Tá an coiste seo ag iarraidh an fhostaíocht a mhéadú agus go síorraí ag plé na ceiste le hÚdarás na Gaeltachta.

Sé dearca Údarás na Gaeltachta ná gur fearr díriú ar na hachmhainní nádúrtha sa gceantar; tá an Ghaeilge agus an fharraige ar an bpéire is láidre acu sin. Tá Údarás na Gaeltachta ag iarraidh bun láidir a chur in athuair faoi thionscail na mbradán sa gceantar seo.

Roghnaigh Údarás na Gaeltachta an tionscnaimh ar a dtugtar “Páirc na Mara” i gCill Chiaráin sa bpobal seo le gairid mar cheann de na priorachtaí atá acu leis an bhfostaíocht a mhéadú. Bheadh ionad phróiseála agus ionaid eile a bheadh múnlaith in aonturas ar mhaithe leis an bhfeilméireacht bradán agus mara i bPáirc na Mara. Tá bainisteoir forbartha curtha ag obair acu ar an tionscnaimh seo anois. Is léir go bhfuil na hachmhainní nádúrtha anseo leis an tionscnaimh seo a chur chun cinn ach leas a bhaint astú.

Tá sé tuigte againne ón dteagbháil leanúnach atá againn le comhlachtaí feilméireachta bradán go bhfuil an éiginteacht agus an mhoill atá ag baint leis an bpróiséis ceadúnais ar an bhfadhb is mo atá ag cur drogail agus laghmhisneach orthu. Is léir go bhfuil tranglam uafásach éigin sa gcóras iarratais agus ceadúnais feilméireachta mara. Is cosúil go bhfuil idir 500 agus 600 iarratas i gcineál “limbo” anois; seo rud dochreidthe.

Ní féidir a bheith ag súil go mbeidh lucht gnó ag fanacht ar feadh na mblianta ar chinneadh ar cheadúnais. Ní féidir leo, ach an oiread, a bheith ag pleanáil do thionscnaimh nua muna bhfuil cinnteacht ann faoin tréimhse ama a bheidh i gceist leis an bpróiséis ceadúnais. Tá an córas seo mí-réadúil agus is deacair meabhair ar bith a fháil ar an gcúis go bhfuil na céadta iarratas dá bhfágáil ina gcnap ar feadh na mblianta.

Molann muid mar seo leanas:

- Theastódh córas faoin bhféadfadh an t'é a bheadh ag déanamh iarratas ar cheadúnas an t-ábhar a phlé le feidhmeannaigh na Roinne roimhré sul a gcuirfí iarratas isteach - mórán mar a tharlaíonn le iarratais ar cheadúnais pleanála sna Comhairlí Contae (Pre Planning meeting).
  - Ba cheart go mbeadh riachtanais fostaíochta sa gceantar atá i gceist san iarratas go han-mhór san áirimh nuair a bhéifí ag tógáil cinneadh faoin iarratas.
  - Ba cheart go mbeadh aird an-mhór ar pholasaí an Stáit i leith forbairt na fostaíochta cois cósta sa réimse feilméireachta mara i gceist ach a mbeadh an t-iarratas dá mheas.
- 
- Go mbeadh téarma ama réadúil leagtha síos ón lá a dtéann an t-iarratas isteach sa gcóras go dtí go dtugtar cinneadh – ceapann muid go mbeadh 3 mhí sách fada.
  - Má tá eolas breise ag teastáil théis 3 mhí, molann muid nach mbeadh tada le cois 2 mhí i gceist ón lá a dtiocfadh eolas breise isteach go dtí go mbeadh cinneadh tógtha.
  - Ba cheart go mbeadh cinneadh tógtha chomh sciobtha agus a bhféidir ach, ar chúis ar bith, nach mbeadh moill níos mo ná 5 mhí i gceist. Tá sé as bealach ar fad go mbeadh an córas fadálach agus gan teora – is cosúil. Tá an cineál córas atá ann faoi láthair ina mhasla do lucht forbartha, do lucht gnó agus do phobail cois cósta.

**Ar ndóigh, glacann muid leis nach féidir réamh mheastachán a dhéanamh ar an toradh a bheadh ar iarratas ar leith. Glactar leis freisin go gcaithfear na ceisteanna uilig a bhaineann leis an iarratas a mheas. Ach maoinn muid freisin gur cheart go mbeadh teorainn ama ann – agus tá an moladh sin déanta againn.**

**Mar adeir an dlí – “Justice delayed is justice denied”.**

**Agus tá cothrom na féinne ag dul do dhreamanna atá ag plé leis an bhfeilméireacht éisc AGUS DO NA POBAIL A BHAINFEADH BUNTÁISTE AS AN TIONSCAIL.**

Anseo go háitiúil tá:

- Cuanta foscula;
- Uisce glan;
- Pobal atá cleachtaithe le obair mhara agus le láimhsiú éisc;

- Toil na ndaoine le tionscail na feilméireachta mara – shínigh ós cionn 1000 daoine sa bpobal seo achmhainní i bhfábhar cead a thabhairt do chomhlacht Marine Harvest fíoruisce a thabhairt chuig na cliabháin éisc (ní raibh ceadúnas dá thabhairt ag an gComhairle Contae san am).

Is ceart a chur san áirimh go mbeadh polasaí agus córas ceadúnais dearfach ag tacú leis an bpolasaí náisiúnta i leith:

- Aidhmeanna na stráitéise muirshaothrú.....  
....AGUS FREISIN ....I GCEANTAR MAR SEO ...
- Leis an bpolasaí náisiúnta 20 Bliain don Ghaeilge;
- Polasaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe d’fhorbairt na Gaeltachta;
- An polasaí Stáit go gcaomhnófaí agus go neartófaí na pobail Ghaeltachta;
- An Straitéis Forbartha Ealaíona agus Cultúir Náisiúnta.

**Tá an plean a bhí ann le haghaidh feilm mhór gar do Inis Oirr i gCuan na Gaillimhe caite amach anois. Tá an spás agus na hachmhainní anseo. Ceaptar gur féidir 10,000 tonna a thabhairt as Cuan Chill Chiaráin agus lear mór eile as Cuan na Beirtrí Buí; níl ach céadatán beag dó sin dá shaothrú faoi láthair.**

**Ar ndóigh, glacann muid leis go gcaithfear caomhnú ciallmhar agus réasúnach a dhéanamh ar an timpeallacht agus ní bheadh muide anseo corraithe dá mbeadh comhlacht ar bith ag sárú na gcoinníollacha a bheadh leagtha síos. Caithfidh an chothromaíocht sin a bheith ann.**

**Fágann muid an t-aighneacht seo ós bhur gcomhair agus tá súil againn go dtabharfaidh sibh aird ar a bhfuil lé rá againn. Socraíodh ar an aighneacht seo ag cruinniú a bhí ag an gCoiste seo i gCarna ar an 7-2-2017.**

**Go n-éirí libh in bhur gcuid oibre.**

Sínithe:

*Nóirín Nic an Iomaire*

-----  
Nóirín Nic an Iomaire (Rúnaí) – thar cheann Choiste Fostaíochta Iorras  
Aithneach – Carna/Cill Chiaráin.



**Baill an Choiste: Risteárd Mac Donnchadha, Seosamh Ó Cuaig, Máire Uí Thuathail, Máirtín Ó Gríofa, Nóirín Nic an Iomaire, Caitlín Uí Chonaire, Seosamh Ó Cuirín, Roibeárd Ó hÉalái, Susan Uí Chatháin, Seán Ó Cualáin, Ciarán Mac Donnchadha, Micheál Ó Cualáin, Pádraig Standún**

